

## Coláiste Íde - Leas Daltaí

I gColáiste Íde cuirtear leas na ndaltaí os cionn gach ní eile agus dá réir déanaimid ár ndícheall timpeallacht shábháilte agus shonasach a chur ar fáil do Dhaltaí inar féidir leo fás, forbairt agus oideachas a fháil. Tá ár bpolasaí bunaithe orthu seo a leanas:

### **Tá leas na ndaltaí fiorthábhachtach**

- Déanfar cothromaíocht chuí a bhaint amach maidir le daltaí a chosaint agus cearta agus riachtanais thuismitheoirí/chaomhnóirí a shásamh, ach ar a shon sin tabharfar tús áite i gcónaí do leas na ndaltaí i gcás coimhlinte
- Tá sé do cheart ag Daltaí go gcosnaítear iad, go léirítear meas orthu, go n-éistear leo agus go dtugtar aird ar a dtuairimí
- Cuirimid na cleachtais is sábháilte is féidir i bhfeidhm d'fhonn baol díobhála nó timpiste a laghdú
- Tá ar bhaill foirne a chinntiú go dtuigeann siad conas baol a laghdú.
- Polasaí oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí/caomhnóirí ina gcuimsítear plé a dhéanamh leo maidir le cúiseanna dáiríre inní i leith Daltaí
- Naisc a fhorbairt le gníomhaireachtaí ábhartha eile d'fhonn polasaithe agus cleachtais um chosaint agus leas Daltaí a chur chun cinn
- Déanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chur ar bhaill foirne cúraim agus beidh orthu an cúrsa ríomhfhoghlama Tús Áite do Leanaí de chuid TUSLA a bheith críochnaithe acu

### **Tá Coláiste Íde tiomanta do:**

- Timpeallacht shábháilte a chinntiú do gach uile dhalta: Déanfaidh Coláiste Íde gach iarracht a chinntiú nach mbeidh aon ghníomh nó neamhghníomh dá chuid díobhálach do leas na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an scoil. Is aidhm ag polasaí na scoile í féinmheas, muinín agus smaointeoireacht neamhspleách a fhorbairt.
- Baol a laghdú d'fhonn leas na ndaltaí agus na mball foirne a chosaint: déanfar gach iarracht sláinte agus sábháilteacht dhaltaí agus bhaill foirne a chinntiú trí chloí le rialacháin shláinte agus sábháilteachta, rialacháin shábháilteachta tine agus trí sheiceálacha sábháilteachta rialta agus críochnúil a chomhlíonadh agus cothabháil riachtanach a dhéanamh. An coláiste; tá glactha le gach comhairle go dtí seo agus tá an coláiste tiomanta do chothabháil na mbeart sábháilteachta seo ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht na ndaltaí agus na foirne scoile araon (féach an Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta).
- A chinntiú go gcuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le haon chúis inní a bhaineann lena n-iníon(acha): is polasaí na scoile é tuismitheoirí a chur ar an eolas láithreach bonn má mheasaimid go bhfuil Dalta in anacair nó más baol go ndéanfaidh sí dochar di féin. Éilimid go dtugann tuismitheoirí aird dháiríre ar chúiseanna inní dá leithéid.
- A chinntiú go gcuirtear cóir leighis chuí ar dhalta nuair atá sin riachtanach: má bhuaileann tinneas cailín le linn di a bheith i gColáiste Íde cuirfean an chóir leighis chuí uirthi. Beidh ar thuismitheoirí foirm toilithe a shíniú a cheadaíonn cinntí a dhéanamh maidir leis an dalta a thabhairt go hionad leighis nó go hospidéal agus beidh orthu stair iomlán leighis an dalta a sholáthar chomh maith.
- Cógais leighis a thabhairt nuair is cuí: le toiliú na dtuismitheoirí, trí fhoirm toilithe a bheith sínithe acu, is féidir leo cead a thabhairt/dhiúltú don fhoireann cúraim cógais thar an gcuntar a thabhairt don dalta.
- A chinntiú go dtugtar aird dháiríre ar chúiseanna inní na foirne cúraim maidir le daltaí: cuireann an fhoireann cúraim a gcúiseanna inní in iúl don duine atá i gceannas orthu agus cuireann an duine sin faoi bhráid na bainistíochta iad. Déanfar gach cúis inní a fhiosrú agus rachfar i dteagmháil leis na tuismitheoirí.
- Tacú le gach íospartach a d'fhulaing mí-úsáid: Tá Coláiste Íde tiomanta do shláine agus leas na nDaltaí a chosaint. Má bhraitear go bhfuil mí-úsáid i gceist tuairisceofar agus

déileálfar léi go tapa ar bhealach tuisceanach agus báúil. Caithfear tús áite a thabhairt i gconaí do leas agus d'fholláine na nDaltaí.

- Aire a thabhairt do dhaltaí agus meas a bheith orthu: ní ghlacfar le fabhraíocht nó leithcheal i gColáiste Íde i gcás daltaí nó na foirne scoile. Caithfear go cothrom agus go cóir le daltaí agus le foireann na scoile. Déanaimid ár ndícheall timpeallacht shláintiúil agus shonasach a chur ar fáil don fhoireann scoile agus do dhaltaí araon.
- Dualgas a bheith ar thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas má tá a n-iníon trí chéile nó má tá gá aici le cúram breise. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirtear comhairle ar an scoil láithreach bonn ina leith le go dtabharfar an aird chúí uirthi. Iarrtar ar thuismitheoirí gan cur isteach gan chúis ar dhaltaí cónaithe roimh am codlata ach amháin ar chúis riachtanach mar shampla bás dhuine den teaghlach nó bás pheata teaghlaigh. Mura gcaithfear an Dalta a thógáil ón scoil an oíche sin iarraimid ar na thuismitheoirí gan an drochscéal a insint don dalta go dtí an mhaidin dár gcionn agus nuair is cuí an scoil a chur ar an eolas faoin drochscéal chomh maith.
- Cúram leighis i gColáiste Íde: beidh ar thuismitheoirí stair leighis atá cruinn agus suas chun dáta maidir lena n-iníon a chur ar fáil don scoil agus an stair leighis sin a nuashonrú i gcaitheamh na bliana más gá. Is í an fhoireann altranais agus cúraim a úsáidfídh an stair leighis sin.
- Cógas leighis; Ní cheadaítear d'aon chailín scoile cógas leighis, lena n-áirítear cógas thar an gcuntar, a choimeád ina seilbh. Cheadaítear do dhaltaí vitimíní a bheith ina seilbh acu ach ar a shon sin ní féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí á dtógáil agus dá bhrí sin is iad na thuismitheoirí a chinneann a gceadú. Más gá do Dhalta cógas leighis a thabhairt chun na scoile caithfear an cógas a thabhairt do bhall foirne cúraim i dtús báire, chomh maith le litir ón dochtúir nó ón thuismitheoir a shonraíonn cén fáth agus cén uair ar cheart an cógas a thabhairt don dalta. Ní thabharfar cógas ar oideas do dhaltaí gan oideas nó gan chead i scríbhinn óna thuismitheoirí. Caithfidh thuismitheoirí foirm toilithe a shíniú gach bliain a cheadaíonn nó a dhiúltaíonn don fhoireann scoile, lena n-áirítear baill foirne neamhliachta, cógais leighis áirithe thar an gcuntar a úsáidtear go gnách a thabhairt dá n-iníon. Caithfear an foirm seo a sheiceáil gach uile uair a dhéantar cógas leighis a thabhairt do dhalta.
- I gcás go mbeidh ar Dhalta dul go hospidéal chun cóir leighis a fháil: Má tá sé riachtanach glaoch ar otharcharr rachaidh ball foirne in éineacht leis an dalta san otharcharr. Rachfar i dteagmháil láithreach bonn leis na thuismitheoirí agus más féidir leo ba cheart dóibh bualadh lena n-iníon ag an ospidéal agus leanúint lena ndualgas tuismiteora. Ní fhágfaidh an ball foirne an cailín scoile ina haonar go dtí go nglactar isteach san ospidéal í nó go dtí go dtiocfaidh a thuismitheoir ar an láthair.

### **Freagracht Tuismitheoirí**

- Is ar thuismitheoirí atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil gach eolas leighis a sholáthraítear don choláiste suas chun dáta agus cruinn.
- Caithfear uimhreacha teagmhála gutháin, i gcás éigéandála, a chur ar fáil don scoil agus iad a nuashonrú nuair is gá.
- Caithfidh thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas láithreach bonn má tá siad inmíoch faoi shláinte nó leas a n-iníne.
- Caithfidh thuismitheoirí eolas a sholáthar don choláiste i gcás aon bhreiteacht throm/thógalach a bhain dá gcailín le linn di a bheith as an scoil.
- Níor cheart dalta atá fós breoite a thabhairt ar ais ar scoil ar chor ar bith.
- Má bhuaileann breiteacht thógalach dalta amháin tá baol ann do dhaltaí eile e.g. fríd urlacain geimhridh, iarrfar ar thuismitheoirí an dalta a bhailiú ón scoil a luaithe agus is féidir é.
- Má mheastar gur baol di féin í cailín scoile agus go gcuirtear é sin in iúl do na thuismitheoirí, caithfidh na thuismitheoirí an cailín a thabhairt abhaile agus dul i gcomhairle proifisiúnach leighis gan mhoill.

- Má dhéanann cailín dochar di féin, cuirfear cóir leighis uirthi láithreach bonn agus rachfar i dteagmháil leis na tuismitheoirí. Cuirfear leas agus folláine an chailín os cionn gach ní eile. Beidh ar na tuismitheoirí an cailín a thógáil ón scoil chónaithe láithreach bonn agus í a thabhairt abhaile, áit a bheidh slán agus sábháilte di. Beidh ar an gcailín cabhair phroifisiúnta a fháil ó shíceolaí/shíciatraí cliniciúil chláráithe ar mhaithe lena folláine a chosaint. Cuirfear tuairisc chuig na húdaráis riachtanacha; an FSS agus / nó an Garda Síochána. Éileoidh an scoil tuairisc shíceolaí/shíciatraí cliniciúil chláráithe sula gceadaítear don chailín filleadh ar an scoil d'fhonn sláinte an chailín a dheimhniú agus ar mhaithe le sábháilteacht na gcailíní eile sa scoil chónaithe. Tairgfear comhairleoireacht do na cailíní sa scoil má mheastar go bhfuil sé sin riachtanach.
- Comhoibriú leis na húdaráis ábhartha más gá.

### **Saincheisteanna Meabhairshláinte**

Tugann Coláiste Íde aird dháiríre ar shaincheisteanna meabhairshláinte mar an dúlagar agus a chineálacha éagsúla, neamhord iteacháin de gach uile shaghas etc. Is aidhm dúinn a leithéidí a chosc más féidir é agus a bheith ar ár n-airdeall maidir lena leithéidí a thabhairt faoi deara agus iad a thuairisciú chomh luath agus is féidir é. Is polasaí na scoile é ábhar inmí a thuairiscíonn ball foirne a fhiosrú go cúramach, labhairt leis an Dalta nuair is cuí, súil a choimeád ar imeachtaí agus dul i dteagmháil leis na tuismitheoirí. Ní cheadaítear do dhaltáí staonadh ó bhéilí ach amháin i gcás cead i scríbhinn a bheith ann ó phroifisiúnach leighis. I gcásanna go bhfuil inmí ann faoi leas chailín scoile, is polasaí na scoile é go bhfillleann sí ar shábháilteacht a teaghlach chun gur féidir leo an aire agus tacaíocht chuí a thabhairt di. Éileoidh Coláiste Íde tuairisc i scríbhinn ó phroifisiúnach leighis e.g. síceolaí cliniciúil sula gceadófar don dalta filleadh ar an scoil.

### **I gcásanna féindochar**

Má dhéanann cailín dochar di féin agus í ar scoil is polasaí Choláiste Íde é:

- Cóir leighis chuí a iarraidh don chailín láithreach bonn
- Dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an chailín agus iarraidh ortha í a thabhairt abhaile láithreach ionas gur féidir leis an dteaghlach an tacaíocht cuí a chuir ar fáil dí.
- Déileáil leis an gcailín ar bhealach cineálta agus báúil
- Meas a léiriú ar chearta an Dalta agus na dtuismitheoirí ach i gcás coimhlinte tús áite a thabhairt i gcónaí don Dalta
- Tuairisc faoin eachtra a chur faoi bhráid na n-údarás ábhartha
- A chinntiú go bhfillleann an cailín abhaile ar a teaghlach, áit ina mbeidh sí slán, a luaithe agus is féidir é de réir mar is cuí (ag cur am taistil na dtuismitheoirí chun na scoile san áireamh) agus a chinntiú go gcuirtear cúram proifisiúnta leighis ar fáil di
- Tuairisc ó shíceolaí/shíciatraí cliniciúil chláráithe a iarraidh, tuairisc a dheimhniú nach baol di féin a thuilleadh an cailín agus gur féidir léi filleadh ar an scoil chónaithe.

Tá comhairleoir ar fáil do dhaltáí ag am sonraithe. Buaileann an comhairleoir le grúpaí agus le daoine ina n-aonar i gcaitheamh na bliana. Is ball dár bhfoireann cúraim daltaí an comhairleoir. Cuirfear daltaí ar an eolas faoin tseirbhís seo ag tús na bliana.

### **Foireann tacaíochta daltaí**

Tá foireann tacaíochta Daltaí, lena n-áirítear altra, comhairleoir, bainistíocht agus foireann cúraim, i bhfeidhm i gColáiste Íde. Tá an fhoireann seo ann ar mhaithe le tacú leis na daltaí faoinár gcúram agus buaileann siad le chéile ar a laghad uair amháin gach téarma. Tá ball den fhoireann seo ar fáil i gcónaí do dhaltáí agus cuirfear ainmneacha na mball foirne sin in iúl do na daltaí gach bliain.

### **Turais as baile Choláiste Íde**

- Caithfear cead i scríbhinn a fháil ó thuismitheoirí maidir le gach turas a thógtar.
- Beidh na gnáthrialacha scoile, mar atá sonraithe i gcód iompair na scoile, i bhfeidhm i gcónaí agus ní ghlacfar le mí-iompar d'aon saghas le linn a bheith as baile ón scoil.

- Tá na haitheanta críonnachta céanna a bhaineann le dualgas cúraim a chomhlíonadh i gColáiste Íde i bhfeidhm le linn turais scoile chomh maith.
- Má mheasann maoirseoir, i gcás éigeandála, go bhfuil sé riachtanach a bheith i seomra dalta gan duine fásta eile a bheith i láthair cuirfidh an maoirseoir é sin in iúl láithreach bonn do dhuine fásta eile le stádas freagrachta agus déanfar na cúinsí áirithe a thaifead.
- Más gá dalta a thabhairt go hospidéal, ba cheart do mhaoirseoir iarracht a dhéanamh beirt dhalta eile a thabhairt leis sa ghluaisteán/tacsáí.
- Is polasaí Choláiste Íde é ceisteanna sábháilteachta a chur san áireamh i gcónaí agus sláinte agus sábháilteacht na nDaltaí a chur os cionn gach ní eile.

### **Spórt teagmhála/le baol**

Tá ar thuismitheoirí foirm toilithe a shíniú chun cead a thabhairt do dhaltaí a bheith rannpháirteach i spóirt mar rugbaí, marcaíocht ar chapall agus seoltóireacht. Éilíonn Coláiste Íde go ndéantar gach spórt go mbíonn na daltaí rannpháirteach iontu a bheith bainistithe ar bhealach proifisiúnta ag foireann oilte, ach fós ní haon ghealltanas in aghaidh timpiste é sin. Iarraimid ar thuismitheoirí gach gné de spórt ar leith a mheas go cúramach sula síníonn siad an fhoirm toilithe. Éilítear an fhoirm toilithe seo mar go measann Coláiste Íde go bhfuil ábhar baol ag baint leis an spórt ar leith.